**Lucsamburg-Lucsamburg: BEI - Seirbhísí iniúchta neamhspleácha le haghaidh an tionscadail um fhoirgneamh an BEI 2015–2020**
**OJ S 153/2015 11/08/2015**
**Fógra conartha**
**Seirbhísí**

## Alt I: Údarás conarthachta

I.1) **Ainm, seoltaí agus pointe/pointí teagmhála:**

An Banc Eorpach Infheistíochta, 98–100, boulevard Konrad Adenauer, 2950 Lucsamburg, LUCSAMBURG. Déan teagmháil le: An tUasal Véronique Paulon, an Rannán Soláthair agus Ceannacháin, tagairt: VP-1255. Teil. +352 4379-1. Facs +352 437704. Ríomhphost: cs-procurement@eib.org

**Seoladh/seoltaí idirlín:**

Seoladh ginearálta an údaráis chonarthachta: http://www.eib.org
Seoladh phróifíl an cheannaitheora: http://www.eib.org/about/procurement/calls/vp-1255.htm

**Is féidir tuilleadh faisnéise a fháil ó:**

Mar atá sa phointe/sna pointí teagmhála thuasluaite.

**Is féidir sonraíochtaí agus doiciméid bhreise (lena n-áirítear doiciméid le haghaidh caidreamh iomaíoch agus córas ceannaigh dhinimiciúil) a fháil ó:**

Mar atá sa phointe/sna pointí teagmhála thuasluaite.

**Ní mór tionscadail nó iarratais ar rannpháirtíocht a sheoladh chuig:**

Mar atá sa phointe/sna pointí teagmhála thuasluaite.

I.2) **An cineál údaráis chonarthachta agus a phríomhghníomhaíocht(aí):**
Institiúid/gníomhaireacht Eorpach nó eagraíocht idirnáisiúnta.
Tá an t-údarás conarthachta ag ceannach thar ceann údaráis chonarthachta eile: níl.

## Alt II: Cuspóir an chonartha

II.1) **Cur Síos**

II.1.1) **An teideal atá tugtha don chonradh ag an údarás conarthachta:**
Seirbhísí iniúchta neamhspleácha le haghaidh an tionscadail um fhoirgneamh an BEI 2015–2020.

II.1.2) **An cineál conartha agus láthair na n-oibreacha, láthair an tseachadta nó na feidhmíochta:**
Seirbhísí.
Catagóir seirbhíse: Uimh. 27.
Cód NUTS: LU000.

II.1.3) **Baineann an fógra le:**
Comhaontú creatlaí a chur ar bun.

II.1.4) **Faisnéis faoin gcomhaontú creatlaí:**

Comhaontú creatlaí le hoibreoir amháin.
Fad an chomhaontaithe creatlaí: fad ina bhlianta: ó R4 2015 go dtí go gcuirfear tionscadal an fhoirgnimh i gcrích; meastar go dtarlóidh sé sin in 2020.
An bonn cirt atá le comhaontú creatlaí a mhaireann níos faide ná 4 bliana: cuimseofar pleanáil, tógáil agus coimisiúnú an fhoirgnimh nua i dtréimhse an chomhaontaithe creatlaí.

II.1.5) **Cur síos achomair ar an gconradh nó ar an gceannachán (na ceannacháin):**
Is é cuspóir an taisc (an 'tasc') cabhrú le lucht iniúchta inmheánaigh (IA) an BEI seirbhísí iniúchta /measúnaithe neamhspleácha a sholáthar le linn chéimeanna na pleanála, na tógála agus an ghlactha /aistrithe maidir le tionscadal um fhoirgneamh nua an BEI ('an tionscadal BTF'). Clúdófar an méid a leanas leis na hiniúchtaí (seirbhísí) atá beartaithe:
— pleanáil an dearaidh agus iarratas ar chead,
— plean soláthair, lena n-áirítear doiciméid an chuiridh chun tairisceana do chonraitheoirí ginearálta,
— seiceáil sonrasc ar bhonn tréimhsiúil,
— tuairisciú ar an dul chun cinn, ar bhonn tréimhsiúil (am/airgead/eagrúchán),
— gníomhartha leantacha i leith moltaí, ar bhonn tréimhsiúil,
— coincheap na tástála agus an choimisiúnaithe.
Agus in 2019, tá an solúbthacht ann raon feidhme 1 iniúchadh a bheith fós le sainiú.
NB: d'fhonn páirt a ghlacadh sa ghlao ar thairiscintí seo, ba cheart d'iarrthóirí ar suim leo an scéal sonraíochtaí iomlána na tairisceana a iarraidh ón BEI roimh ré. Ba cheart na critéir atá leagtha amach sna sonraíochtaí a thabhairt faoi deara agus tairiscintí á ndréachtú.
Ba cheart iarratais a sheoladh chuig an seoladh i bpointe I.1.

II.1.6) **Foclóir comhchoiteann an tsoláthair (CPV):**
71000000, 71200000, 71210000, 71241000, 71244000, 71245000, 71247000, 71248000, 71530000.

II.1.8) **Roinnte ina bhearta:**
Níl.

II.1.9) **Glacfar le malairtí:**
Ní ghlacfar.

II.2) **Cainníocht nó raon feidhme an chonartha**

II.2.2) **Roghanna:**
Níl.

## Alt III: Faisnéis dhlíthiúil, eacnamaíoch, airgeadais agus theicniúil

III.1) **Coinníollacha a bhaineann leis an gconradh**

III.1.3) **Foirm dhlíthiúil le glacadh ag an ngrúpa oibreoirí eacnamaíocha dá ndámhfar an conradh:**
Neamhbhainteach.

III.1.4) **Coinníollacha áirithe eile a bhfuil feidhmiú an chonartha faoina réir:**
Níl.

III.2) **Coinníollacha rannpháirtíochta**

III.2.1) **Staid phearsanta na n-oibreoirí eacnamaíocha, riachtanais maidir le clárú ar chláir ghairme nó cheirde san áireamh:**
Faisnéis agus foirmiúlachtaí a theastaíonn chun comhlíonadh na riachtanas a mheas:
Má tá seirbhísí á soláthar ag tairgeoirí don BEI nó go ndearna siad seirbhísí a sholáthar dóibh roimhe

seo ba cheart dóibh é sin a lua. I gcás do fhreagra dearfach, iarrfar orthu faisnéis a chur ar fáil maidir le nádúr na seirbhísí sin, maidir leis an eatramh ama nuair a cuireadh ar fáil iad agus luach na gconarthaí roimhe seo. Measúnóidh an BEI an bhfuil coinbhleacht leasa i gceist agus déanfaidh sé cinneadh an tairgeoir a eisiamh ó dhámhachtain an chomhaontaithe creatlaí seo nó glacfaidh sé cineálacha eile bearta chun nádúr neamhspleách an iniúchta/mheasúnaithe chriticiúil a ráthú.
Soláthróidh na tairgeoirí dearbhú ar a bhfocal (féach Iarscríbhinn 5a), arna dhátú agus arna shíniú go cuí ag ionadaí údaraithe, le rá nach bhfuil siad in aon cheann de na staideanna eisiaimh atá liostaithe san Iarscríbhinn 5a. I gcás comhthairisceana, soláthróidh baill uile an ghrúpa an dearbhú ar a bhfocal.
Soláthróidh an tairgeoir rathúil na doiciméid atá luaite mar fhianaise tacaíochta in Iarscríbhinn 5a sula síneofar an conradh agus laistigh de spriocdháta a thabharfaidh an BEI. Soláthróidh an tairgeoir rathúil an fhianaise a leanas ar iarratas agus laistigh den teorainn ama atá leagtha síos ag an BEI.
Maidir le staideanna ar a gcuirtear síos in (a), (b) agus (e) d'Iarscríbhinn 5a, is gá sliocht úrnua ón taifead breithiúnach a sholáthar nó, dá éagmais sin, doiciméad coibhéiseach úrnua a d'eisigh údarás riaracháin nó breithiúnach sa tír thionscnaimh nó bhunáitíochta á léiriú go bhfuil na riachtanais á gcomhlíonadh. Nuair is duine dlítheanach an tairgeoir agus nuair nach gceadaíonn reachtaíocht náisiúnta na tíre ina bhfuil an tairgeoir bunaithe go soláthraítear a leithéidí de dhoiciméid maidir le daoine dlítheanacha, ba cheart na doiciméid a sholáthar maidir le daoine nádúrtha, amhail stiúrthóirí na cuideachta nó aon duine le cumhachtaí ionadaíochta, cinnteoireachta nó rialaithe maidir leis an tairgeoir.
Maidir leis an staid ar a gcuirtear síos i bpointe (d) d'Iarscríbhinn 5a, tá teastais nó litreacha úrnua a d'eisigh údaráis inniúla an Stáit atá i gceist riachtanach. Ní foláir nó go soláthraítear fianaise leis na doiciméid seo lena gclúdaítear gach ranníocaíocht cánach agus leasa shóisialaigh a bhfuil an tairgeoir faoi dliteanas ina leith, lena n-áirítear mar shampla CBL, cáin ioncaim (daoine nádúrtha amháin), cáin chuideachta (aonáin dhlítheanacha amháin) agus ranníocaíochtaí leasa shóisialaigh.
D'aon cheann de na staideanna (a), (b), (d) nó (e) in Iarscríbhinn 5a i gcás nach n-eisítear doiciméad ar bith a shonraítear sa 2 mhír thuas sa tír atá i gceist, is féidir úsáid a bhaint as ráiteas faoi mhionn nó, dá éagmais sin, ráiteas sollúnta ina ionad a rinne páirtí leasmhara roimh údarás breithiúnach nó riaracháin, nótaire nó roimh chomhlacht gairmiúil cáilithe ina thír thionscnaimh nó bhunáitíochta.

III.2.2) **Cumas eacnamaíoch agus airgeadais:**
Íosleibhéal/íosleibhéil na gcaighdeán a d’fhéadfadh a bheith ag teastáil:
9.2.1. Cumas airgeadais:
Ba cheart do thairgeoirí an riachtanas a leanas a chomhlíonadh ionas go ndéanfar iad a roghnú: íosláimhdeachas bliantúil foriomlán le linn na 3 bliana airgeadais seo a chuaigh thart: 1 500 000 EUR in aghaidh na bliana sa réimse atá á hiarraidh, .i. iniúchadh/measúnú criticiúil ar thionscadail um thógáil foirgnimh.

III.2.3) **Cumas teicniúil:**
Íosleibhéal/íosleibhéil na gcaighdeán a d’fhéadfadh a bheith ag teastáil:
Soláthróidh tairgeoirí an méid a leanas:
a) Teistiméireachtaí:
Riachtanas:
Ní mór 3 theistiméireacht a bheith ag tairgeoirí maidir le hiniúchtaí/measúnuithe criticiúla a rinne siad roimhe seo ar thógáil foirgnimh ina raibh bainistíocht tionscadal nó iniúchadh/measúnú ar fhoirgnimh oifige > 40 000 $m^2$ nó iniúchadh/measúnú ar fhoirgneamh a chosain > 100 000 000 EUR i gceist.
Ní mór cruthúnas ar an méid thuas a chur ar fáil mar a leanas:
Cur síos (lena n-áirítear sonraí teagmhála an chliaint) ar sheirbhísí roimhe seo ar fhoirgnimh oifige nó ar fhoirgnimh thráchtála: ní mór don tairgeoir 3 chur síos ar a mhéid a sholáthar ar thionscadail a cuireadh i gcrích le linn na 5 bliana seo a chuaigh thart nó ar thionscadail atá fós ar siúl maidir le

bainistíochta tionscadail nó iniúchadh/measúnú ar fhoirgneamh oifige nó ar fhoirgneamh tráchtála.
As na 3 cinn sin, ní foláir nó go gcomhlíonfar 1 nó níos mó de na critéir atá liostaithe thíos le 2 cheann díbh:

— achar urláir foirgnimh oifige aonair nó sraithe foirgneamh oifige (ar an láthair céanna) os cionn 40 000 $m^2$,

— costas foirgnimh aonair nó sraithe foirgneamh tráchtála nó poiblí nó oifige os cionn 100 000 000 EUR.

As na 3 cinn sin, ní foláir nó go gcomhlíonfar 1 nó níos mó de na critéir atá liostaithe thíos le 1 cheann díbh:

— achar urláir foirgnimh oifige aonair nó sraithe foirgneamh oifige (ar an láthair céanna) os cionn 40 000 $m^2$,

— túr foirgnimh ina bhfuil 15 urlár nó níos mó,

— foirgneamh oifige nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh,

— costas foirgnimh aonair nó sraithe foirgneamh tráchtála nó poiblí nó oifige os cionn 100 000 000 EUR.

b) Infhaighteacht na mball foirne de réir na próifíle:
Riachtanas:
Infhaighteacht foirne sa raon seirbhísí atá i gceist agus a bhaineann leis na cásanna sainiúla a bhfuil cur síos orthu in Iarscríbhinn I, lena n-áirítear eolas agus cumas chun caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha sna réimsí saineolais a chur i bhfeidhm, lena n-áireofar na próifílí seo a leanas:

— ceannaire foirne/tionscadail — a bhfuil taithí 15 bliana ar a laghad aige/aici ach nach mór dóibh scileanna bainistíochta cláir a léiriú, mar aon leis an gcumas foireann a bhainistiú; tá taithí shuntasach ar bhainistíocht tionscadail san AE de dhíth,

— saineolaithe sinsearacha sna réimsí ábhartha a bhfuil cur síos orthu in Iarscríbhinn I — a bhfuil 12 bhliain ar a laghad de thaithí ábhartha acu; taithí shuntasach agus eolas ar an dea-chleachtas reatha maidir le soláthar, cur ar tairiscint agus bainistíocht conartha; taithí ar mheasúnú meántéarma nó 'ex post' tionscadal a stiúradh,

— saineolaithe sna réimsí ábhartha a bhfuil cur síos orthu in Iarscríbhinn I — a bhfuil 8 mbliana ar a laghad de thaithí ábhartha acu,

— baill na foirne tacaíochta.

Ba cheart an saineolas comhlántach a leanas a bheith ag na baill foirne freisin, ach amháin baill na foirne tacaíochta: ba cheart go mbeadh siad ina gcéimithe innealtóireachta, ailtireachta, suirbhéireachta, eacnamaíochta/airgeadais nó go mbeadh cúlra oideachais comhchosúil acu le céim mháistir ar a laghad.
Ní mór cruthúnas ar an méid thuas a chur ar fáil mar a leanas:
Soláthróidh an tairgeoir sonraí ar chéimeanna, sainfheidhmiú agus taithí na bpróifílí atá ar fáil, ag baint úsáid as an teimpléad próifíle in Iarscríbhinn III.
Gealladh go mbeidh Béarla líofa ag na baill foirne go léir arna gceapadh d'fheidhmiú na seirbhísí agus go mbeidh eolas maith ar an bhFraincis ag 1 bhall foirne ar a laghad.
Gealltanas go mbeidh taithí 8 mbliana ar a laghad ar na réimsí ábhartha ag na baill foirne uile a cheapfar le haghaidh fheidhmiú na seirbhísí.

III.2.4) **Conarthaí forchoimeádta:**
Níl.

III.3) **Coinníollacha ar leith do chonarthaí seirbhíse**

III.3.1) **Tá comhlíonadh na seirbhíse forchoimeádta do ghairm ar leith:**
Níl.

III.3.2) **Ba cheart do dhaoine dlítheanacha ainmneacha agus cáilíochtaí gairmiúla na mball foirne atá freagrach as an tseirbhís a chomhlíonadh a chur in iúl:**
Ní cheart.

## Alt IV: Nós imeachta

IV.1) **An cineál nós imeachta**

IV.1.1) **An cineál nós imeachta:**
Oscailte.

IV.2) **Critéir dámhachtana**

IV.2.1) **Critéir dámhachtana:**
An tairiscint is buntáistí go heacnamúil i dtaobh na gcritéar a luaitear sna sonraíochtaí, sa chuireadh chun tairisceana nó chun caibidlíochta nó sa doiciméad tuairisciúil.

IV.2.2) **Bainfear úsáid as ceant leictreonach:**
Ní bhainfear.

IV.3) **Faisnéis riaracháin**

IV.3.1) **An uimhir thagartha comhaid tugtha ag an údarás conarthachta:**
Tag.: VP-1255.

IV.3.2) **Foilseachán(foilseacháin) roimhe seo maidir leis an gconradh céanna:**
Níl.

IV.3.3) **Coinníollacha chun sonraíochtaí agus doiciméid bhreise nó doiciméad tuairisciúil a fháil:**
Doiciméid iníoctha: níl.

IV.3.4) **Teorainn ama chun tairiscintí nó iarratais ar rannpháirtíocht a fháil:**
25.9.2015 (23:59).

IV.3.6) **Teanga(cha) inar féidir tairiscintí nó iarratais ar rannpháirtíocht a dhréachtú:**
Béarla.

IV.3.7) **Íostréimhse ama ina bhfuil sé riachtanach don tairgeoir an tairiscint a choinneáil:**
Fad ina laethanta: 180 (ón dáta tugtha chun tairiscint a fháil).

IV.3.8) **Coinníollacha chun tairiscintí a oscailt:**
Láthair: Ceanncheathrú an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta, Lucsamburg.
Daoine údaraithe le bheith i láthair ag oscailt na dtairiscintí: níl.

## Alt VI: Faisnéis chomhlántach

VI.1) **Is soláthar ateagmhasach é seo:**
Ní hea.

VI.2) **Baineann an conradh le tionscadal nó clár atá á mhaoiniú ag cistí AE:**
Ní bhaineann.

VI.4) **Nósanna imeachta achomhairc**

VI.4.1) **An comhlacht atá freagrach as nósanna imeachta achomhairc:**

Cúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh, rue du Fort Niedergrünewald, 2925 Lucsamburg, LUCSAMBURG. Teil. +352 4303-1. Facs +352 4303-2100. Ríomhphost: generalcourt.registry@curia.europa.eu cfi.registry@curia.europa.eu Idirlíon: http://curia.europa.eu

VI.4.2) **Achomhairc a dhéanamh:**

Faisnéis chruinn ar spriocdháta(í) chun achomhairc a dhéanamh:
Iaistigh de 2 mhí ón bhfógra don ghearánaí, nó, dá éagmais sin, ón lá a fuarthas an fhaisnéis.

VI.5) **Dáta seolta an fhógra seo:**

3.8.2015.